**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10892 – APOLLO / HINES / VI-BA / AEDES)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 412/12)

1. An 18 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (1).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apollo Global Real Estate Management, L.P. ("Apollo", SAM),

— Hines International Real Estate Holdings L.P. ("Hines", SAM),

— VI-BA S.r.l. ("VI-BA", an Iodáil),

— Aedes SIIQ S.p.A. ("Aedes", an Iodáil)

Gheobhaidh Apollo, Hines agus VI-BA ("na Faighteoirí") comhrialú ar Aedes de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Apollo,

— Is gnólacht domhanda i mbun infheistíocht, forbairt agus bainistíocht réadmhaoine é Hines,

— Tá VI-BA i mbun infheistíocht, tógáil, forbairt, léasú agus díol réadmhaoine.

3. Is cuideachta infheistíochta réadmhaoine é Aedes, ar leis punann 65 maoin eastáit réadaigh atá suite i dtuaisceart na hIodáile den chuid is mó agus a úsáidtear go príomha le haghaidh spás miondíola agus oifige.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 (2) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10892 – APOLLO / HINES / VI-BA / AEDES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

(1) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

(2) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË